Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2021
(OR. en)

8678/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0095 (NLE)

TRANS 277

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le glacadh na leasuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, vaigíní lastais, inrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, maidir le glacadh na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, agus an mbonneagar fochórais, maidir leis na tagairtí do dhoiciméid theicniúla dá dtagraítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta a thabhairt cothrom le dáta, agus maidir le hathbhreithniú ar ATMF i dtaca le heintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le glacadh na leasuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, vaigíní lastais, inrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, maidir le glacadh na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh, agus an mbonneagar fochórais, maidir leis na tagairtí do dhoiciméid theicniúla dá dtagraítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta a thabhairt cothrom le dáta, agus maidir le hathbhreithniú ar ATMF i dtaca le heintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D’aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[1].

(2) Tá na Ballstáit uile, seachas an Chipir agus Málta, ina bpáirtithe in COTIF.

(3) De bhun phointe (f) d’Airteagal 13 § 1 de COTIF, bunaíodh Coiste Saineolaithe Teicniúla ('CTE') na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d’Iarnród ('OTIF').

(4) De bhun phointe (b) d’Airteagal 20§ 1 de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6 d’Fhoscríbhinn F ('APTU'), tá CTE inniúil, *inter alia*, chun na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha ('UTP') a ghlacadh nó a leasú maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí (‘UTP LOC PAS’), le vaigíní lastais ('UTP WAG'), le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ('UTP PRM'), maidir leis na doiciméid theicniúla faoi shonraíocht theicniúil d'idir-inoibritheacht a bhaineann le feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta ('TAF TSI') dá dtagraítear i bhFoscríbhinn I don UTP maidir le feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta ('UTP TAF'), agus maidir leis na STAnna is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh ('UTP TCRC') agus leis na UTPanna is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais ('UTP INF').

---

[1] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d’Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1).

(5) Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 15 § 2 d'Fhoscríbhinn G ('ATMF'), tá CTE inniúil maidir le hathbhreithniú ar ATMF a mholadh i dtaca le heintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram ('ECCanna').

(6) Chuir CTE sa chlár dá 13ú seisiún a bheidh ar siúl an 22 Meitheamh 2021 tograí le haghaidh cinntí maidir le leasú a dhéanamh ar UTP LOC PAS, UTP WAG agus UTP PRM, maidir le UTP TCRC and UTP INF a ghlacadh, maidir le tagairtí do dhoiciméid theicniúla sna TAF TSI a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha FTL, a thabhairt cothrom le dáta, agus maidir le athbhreithniú a dhéanamh ar ATMF i dtaca leis na ECCanna.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa CTE a bhunú agus, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar ATMF, i gCoiste Athbhreithnithe OTIF, ós rud é go mbeidh na cinntí atá beartaithe in a gceangal ar an Aontas.

(8) Is éard is cuspóirí do na cinntí sin atá na beartaithe, UTP LOC PAS, UTP WAG agus UTP PRM a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún[1] agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún[2] faoi seach, UTP TCRC nua agus UTP INF nua a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún[3] agus Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún[4] arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776[5], agus athbhreithniú ar ATMF, i dtaca leis na ECCanna, a mholadh do Choiste Athbhreithnithe OTIF chun é a ailíniú le Treoir (AE) 2016/798[6].

---

1 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/387 ón gCoimisiún an 9 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1302/2014 agus (AE) 2016/919 i dtaca leis an limistéar úsáide a leathnú agus leis na céimeanna aistrithe (IO L 73, 10.3.2020, lch. 6).

2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/772 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 i dtaca le fardal na sócmhainní d'fhonn bacainní ar inrochtaineacht a shainaithint, faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 1).

3 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 5).

4 Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'bonneagair' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 1).

5 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/776 an 16 Bealtaine 2019 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 321/2013, (AE) Uimh. 1299/2014, (AE) Uimh. 1301/2014, (AE) Uimh 1302/2014, (AE) Uimh. 1303/2014 agus (AE) 2016/919 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE i dtaca le hailíniú le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 108).

6 Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis an tsábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).

(9) Tá na cinntí atá beartaithe i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais toisc go gcuireann siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais, agus ar an ábhar sin ba cheart don Aontas tacú leo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla an Choinbhinsiúin maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Iarnród an 9 Bealtaine 1980 maidir le glacadh na leasuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, maidir le vaigíní lastais, le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, a mhéid a bhaineann le glacadh na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh agus leis an mbonneagar fochórais, agus a mhéid a bhaineann le tagairtí do dhoiciméid theicniúla a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht maidir le feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir teileamaitice le haghaidh lasta a thabhairt cothrom le dáta, agus i ndáil leis an athbhreithniú ar ATMF i dtaca le heintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram:

(1) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla ar na Saintreoracha Aonfhoirmeacha Teicniúla maidir le hinnill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, mar a leagtar amach iad i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal iarscríbhinn TECH-20041-CTE13-UTP LOC PAS agus i gcinneadh TECH-20041 LOC PAS;

(2) vótáil i bhfabhar na leasaithe atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le rothstoc – vaigíní lastais, mar a leagtar amach iad i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal dréachtleasuithe TECH-20042-CTE13 agus i gCinneadh TECH-20042 WAG;

(3) vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla ar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar a leagtar amach iad i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal dréachtleasuithe CTE TECH-20043-CTE UTP PRM agus i gCinneadh TECH-20043 PRM;

(4) vótáil i bhfabhar STAnna a ghlacadh is infheidhme maidir le comhdhéanamh traenach agus seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh atá beartaithe ag an gCoiste Saineolaithe Teicniúla agus mar a leagtar amach iad i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal CTE TECH-20039 UTP TCRC agus i gcinneadh TECH-20039 TCRC;

(5) vótáil i bhfabhar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an mbonneagar fochórais a ghlacadh, a mhol an Coiste Saineolaithe Teicniúla mar a leagtar amach iad i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal dréacht leasuithe TECH-20040-UTP INF agus i gcinneadh TECH-20040 INF;

(6) vótáil i bhfabhar thogra an Choiste Saineolaithe Teicniúla na tagairtí do dhoiciméid theicniúla sna STInna maidir le FTL a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis na STAnna maidir le FTL a thabhairt cothrom le dáta, mar a leagtar amach iad i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal TECH-21009-CTE agus i gcinneadh FTL UTP;

(7) vótáil i bhfabhar athbhreithniú ar ATMF a mhéid a bhaineann le heintitis a bhfuil cothabháil faoina gcúram, mar a leagtar amach iad i nDoiciméad Oibre ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla dar teideal Cinneadh TECH-20045 ATMF.

*Airteagal 2*

A luaithe a ghlacfar na cinntí ó Choiste Saineolaithe Teicniúla, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus áirítear leis sin dáta a dteacht i bhfeidhm a lua.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*